Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14531/23

LIMITE

EDUC 396
DIGIT 232
JEUN 243
EMPL 504
SOC 710

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0099(NLE)**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir leis na príomhthosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach rathúil<br>– *Glacadh* |

1. Rinne an Coiste Oideachais an togra thuasluaite le haghaidh Moladh ón gComhairle a scrúdú ag roinnt cruinnithe. Tá na toscaireachtaí uile ar aon fhocal anois maidir lena bhfuil sa téacs.

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar tháinig na toscaireachtaí air maidir leis an téacs, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é, a dhearbhú agus a chur faoi bhráid na Comhairle lena fhormheas agus lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina dhiaidh sin.

**Togra le haghaidh**

**Moladh ón gComhairle**

**maidir leis na príomhthosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach rathúil**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 165 agus 166 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

DE BHARR AN MHÉID SEO A LEANAS:

1. Sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 9 Feabhra 2023[1] leagadh béim ar an ngá atá le gníomhaíocht níos misniúla agus níos uaillmhianaí chun na scileanna a theastaíonn don aistriú glas agus don aistriú digiteach a fhorbairt a thuilleadh trí oideachas, oiliúint, uas-sciliú agus athsciliú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na nganntanas lucht saothair agus ar chlaochlú na bpost, lena n-áirítear i gcomhthéacs na ndúshlán déimeagrafach.

[1] EUCO 1/23.

2. Tá an t-oideachas agus an oiliúint ríthábhachtach le go mbeidh an Eoraip níos comhtháite, níos cothroime, níos cuimsithí, níos digití, níos inbhuanaithe, níos iomaíche, níos nuálaí, níos glaise agus níos athléimní. Tá siad ríthábhachtach d'fhorbairt phearsanta, dea-bhail agus cumas na saoránach iad féin a chur in oiriúint do mhargadh saothair atá ag athrú agus feidhmiú ann agus ionas go mbeidh siad in ann a bheith ina saoránaigh ghníomhacha fhreagracha. Sa chomhthéacs sin, sa Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus thairis sin (2021-2030)[2], cuirtear chun cinn comhar Eorpach chun tacú a thuilleadh le forbairt na gcóras oideachais agus oiliúna sna Ballstáit. Is é is cuspóir do na córais sin sásamh pearsanta, sóisialta agus gairmiúil gach saoránaigh a áirithiú agus luachanna daonlathacha, comhionannas, comhtháthú sóisialta, saoránacht ghníomhach agus idirphlé idirchultúrtha á gcur chun cinn, chomh maith le rath eacnamaíoch, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus infhostaitheacht.

3. Le paindéim COVID-19 cuireadh i dtábhacht an gá atá le feabhas a chur ar ullmhacht dhigiteach na gcóras oideachais agus oiliúna i dtéarmaí athléimneachta, ceartais, comhionannais, cáilíochta, cuimsitheachta, inrochtaineachta agus slándála. Le hathrú teicneolaíochta atá ag dul chun cinn go tapa, éilítear claochlú digiteach duinelárnach agus córais oideachais agus oiliúna atá oiriúnach don aois dhigiteach. Chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, ghlac an Coimisiún an Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027[3]. Féachtar sa phlean gníomhaíochta le haghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach agus ar neamhionannas san oideachas agus san oiliúint, agus léirítear ann conas a d'fhéadfadh an teicneolaíocht teagasc agus foghlaim níos inrochtana, níos sábháilte, níos solúbtha, níos pearsantaithe agus níos foghlaimeoirlárnaí a éascú.

[2] IO C 66, 26.2.2021, lch. 1.
[3] COM/2020/624 final.

4. Leis an gcéad tosaíocht straitéiseach den phlean gníomhaíochta – forbairt éiceachórais ardfheidhmíochta don oideachas digiteach a chothú – cuirtear i dtábhacht an gá atá le hacmhainneacht agus athléimneacht dhigiteach sna córais oideachais agus oiliúna a neartú ar bhealach comhleanúnach inbhuanaithe. Chuige sin, sainaithníodh tosca cumasúcháin, an bonneagar, an nascacht agus an acmhainn dhigiteach ábhartha mar shampla, sa phlean gníomhaíochta agus rinneadh iad a leathnú a thuilleadh sna Conclúidí ón gComhairle maidir le hoideachas digiteach i sochaithe eolais na hEorpa[4].

5. Chun na tosca cumasúcháin sin a chur chun feidhme go héifeachtach, teastaíonn beart a théann níos faide ná na haireachtaí oideachais agus oiliúna amháin. Chuige sin, in 2022, sheol an Coimisiún idirphlé struchtúrtha leis na Ballstáit maidir le hoideachas digiteach agus scileanna digiteacha. Tar éis dhíospóireacht na n-airí a bhí ar siúl le linn na Comhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt (EYCS) i mí na Samhna 2021, tráth a léiríodh an gá atá le cur chuige uile-rialtais, d'ainmnigh na Ballstáit a gcuid ionadaithe don ghrúpa ardleibhéil comhordaitheoirí náisiúnta a bhfuil an sainordú acu ionadaíocht a dhéanamh ar na ranna ábhartha ina dtíortha féin atá freagrach as gnéithe éagsúla den oideachas digiteach, den oiliúint dhigiteach agus de scileanna digiteacha (lena n-áirítear oideachas, saothar, cúrsaí digiteacha, cultúr, tionscal agus airgeadas). Mar thoradh ar an idirphlé struchtúrtha[5], ba léir go raibh roinnt dúshláin choitianta roimh na Ballstáit maidir le claochlú digiteach a dhéanamh ar a gcórais oideachais agus oiliúna, rud a léiríonn gur gá dea-chleachtais a chomhroinnt ar leibhéal an Aontais.

---

[4] IO C 415, 1.12.2020, lch. 22.
[5] Iarscríbhinn 3 a ghabhann le doiciméad oibre SWD(2023) 205 final.



PUBLIC

6. I gcomhréir leis an gcéad phrionsabal de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[6], 'Tá ceart ag cách ar oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil ionchuimsitheach agus ar ardchaighdeán chun na scileanna atá acu a choinneáil agus chun scileanna nua a fháil a chuirfidh ar a gcumas a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí agus athruithe ó phost go post sa mhargadh saothair a bhainistiú go rathúil'. Ba cheart an ceart ar oideachas, mar a leagtar amach agus mar a chosnaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a ráthú i gcónaí. Sa tslí chéanna, sa Mholadh ón gComhairle lena mbunaítear an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí[7], iarrtar ar Bhallstáit rochtain éifeachtach agus saor in aisce ar oideachas agus ar ghníomhaíochtaí scoilbhunaithe a ráthú do leanaí atá i ngátar, is iad sin leanaí atá i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta.

PUBLIC

7. Sa Chlár Oibre Scileanna don Eoraip[8], leagtar amach bearta chun cuidiú le daoine aonair agus le gnólachtaí breis scileanna agus scileanna níos fearr a fhorbairt agus leas a bhaint astu trí iomaíochas inbhuanaithe a neartú agus trí athléimneacht a fhorbairt chun freagairt ar ghéarchéimeanna, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh le linn phaindéim COVID-19. Sa Rún ón gComhairle maidir le Clár Oibre Eorpach nua don Fhoghlaim Aosach 2021-2030[9], dírítear ar dheiseanna foghlama foirmiúla, seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla do dhaoine fásta, ó thaobh na foghlama ar feadh an tsaoil de.

---

[6] IO C 428, 13.12.2017, lch. 10.

[7] Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, (IO L 223, 22.6.2021, lch. 14).

[8] COM/2020/274 final.

[9] IO C 504, 14.12.2021, lch. 9.

8. Ba cheart rochtain a bheith ag gach saoránach Eorpach ar oideachas digiteach a chuireann ar a chumas an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach i sochaithe an lae inniu atá ag éirí níos digití de shíor. Le Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach[10], cuirtear plean chun cinn chun claochlú digiteach cuimsitheach, duinelárnach shochaí agus gheilleagar an Aontais a bhaint amach faoi 2030. Áirítear leis sin, creat rialachais agus tuairiscithe a chur ar bun leis na Ballstáit chun na spriocanna ábhartha ar leibhéal an Aontais don Deacáid Dhigiteach a bhaint amach, ina measc nascacht uilíoch a bhaint amach (leathanbhanda gigighiotáin do chách agus 5G i ngach áit, fiú i gceantair thuaithe agus iargúlta). Leis na tionscnaimh sin, féachtar le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí digiteacha atá ann cheana i dtaca le nascacht agus scileanna trí ghníomhaíocht a chur chun cinn agus trí bhearta riachtanacha maolaithe a chur i bhfeidhm. I ndáil leis an méid sin, i nDearbhú Eorpach 2022 maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití[11], leagtar béim ar an ngá atá le hiarrachtaí a dhéanamh, agus tacú leis na hiarrachtaí sin, chun nascacht dhigiteach, bonneagar digiteach agus uirlisí digiteacha a chur ar fáil do gach institiúid oideachais agus oiliúna.

[10] Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach (IO L 323, 19.12.2022, lch. 4).

[11] IO C 23, 23.1.2023, lch. 1.

9. Cuirtear i dtábhacht sna tionscnaimh sin go mbaineann oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach rathúil le níos mó deiseanna foghlama agus teagaisc agus deiseanna foghlama agus teagaisc níos fearr a chruthú do gach duine sa ré dhigiteach. Mar thoradh ar réitigh dhigiteacha, tá córais oideachais agus oiliúna san Aontas níos inrochtana le blianta beaga anuas. D'fhéadfadh acmhainní digiteacha deighiltí geografacha a dhúnadh. D'fhéadfadh tairbhí suntasacha a bheith ag baint le coimíneacht dhigiteach[12] go háirithe, ar nós uathriail straitéiseach, costais laghdaithe agus trédhearcacht mhéadaithe. I saol atá ag síorfhorbairt, áfach, tá sé ríthábhachtach go bhfeabhsófar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an oideachais agus na hoiliúna ar bhonn leanúnach agus go dtacófar le cuir chuige nua teagaisc agus foghlama, lena n-áirítear trí réitigh dhigiteacha atá ann cheana agus trí chinn atá ag teacht chun cinn. Thairis sin, tá sé ríthábhachtach go dtuigfidh foghlaimeoirí feidhmiú na mbunteicneolaíochtaí, agus go bhforbróidh siad scileanna agus inniúlachtaí chun úsáid chruthaitheach, shábháilte, eiticiúil agus fhreagrach a bhaint as na teicneolaíochtaí digiteacha.

10. Leis na conclúidí ón gComhairle maidir le hoideachas digiteach i sochaithe eolais na hEorpa[13], léirítear go gcruthaítear le dáileadh forleathan teicneolaíochtaí digiteacha agus rochtain ar an idirlíon deiseanna nua d'oideachas agus oiliúint ardcháilíochta chuimsitheach san Eoraip. Le hoideachas digiteach, mar chuid lárnach d'oideachas agus oiliúint ardcháilíochta chuimsitheach, is féidir cur le teagasc aghaidh ar aghaidh agus is féidir cur le hinrochtaineacht fheabhsaithe ar ábhar oideachais agus ar oideolaíochtaí, le cuimsiú sóisialta, agus le hinniúlachtaí a ghnóthú ar bhealach éifeachtach, rud a chuireann rath oideachais chun cinn do chách.

---

12 Is coincheap é 'coimíneacht dhigiteach' atá ag síorathrú ar féidir é a shainmhíniú go ginearálta mar acmhainní digiteacha neamhiomaíocha agus neamheisiacha arb iad a bpríomhthréithe táirgeadh, cothabháil agus rialachas comhroinnte. Áirítear orthu sin, i measc nithe eile, bogearraí foinse oscailte, sonraí oscailte, caighdeáin oscailte, leabharlanna IS oscailte agus ábhar oscailte.

13 IO C 415, 1.12.2020, lch. 22.



PUBLIC

11. An tráth céanna, téann teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, mar shampla an intleacht shaorga (IS), isteach go tapa i dtimpeallachtaí foghlaimeoirí, rud a mbaineann idir dheiseanna féideartha agus rioscaí, ar nós bagairtí cibearshlándála, leis. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, tacú le hinstitiúidí oideachais agus oiliúna agus le hinstitiúidí foghlama seachfhoirmiúla, chomh maith le múinteoirí, oiliúnóirí agus foirne eile oideachais, tuiscint níos fearr a fháil ar na huirlisí sin agus ar an gcaoi a bhféadfaidís iad a úsáid ar bhealach muiníneach sábháilte chun tairbhe an teagaisc agus na foghlama. Áirítear leis sin, feasacht ar na himpleachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag reachtaíocht ábhartha an Aontais sa réimse digiteach, ina measc an Gníomh um an Intleacht Shaorga[14] agus an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha[15] atá ar na bacáin, agus tionscnaimh lena n-áirítear an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí[16], ar chleachtais teagaisc agus foghlama. San am céanna, tá an Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach ón gCoimisiún ag ardú feasachta ar an gcibearshlándáil i measc daoine aonair, go háirithe leanaí agus daoine óga, agus eagraíochtaí, go háirithe FBManna. Ní hamháin go dtabharfaidh oideachas agus oiliúint, chomh maith le hardú feasachta cosaint ar chibearbhagairtí ach cuirfidh sé freisin leis an lucht saothair cibearshlándála a fhorbairt agus a éagsúlú, rud a chomhlánóidh iarrachtaí thionscnamh an Acadaimh um Scileanna Cibearshlándála.

12. I gcaitheamh shaol an duine, is den riachtanas é teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama ar gach leibhéal agus do gach cineál oideachais agus oiliúna, ón oideachas agus cúram luath-óige, ar feadh an bhunoideachais agus an mheánoideachais, go dtí an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint, an t-ardoideachas agus an fhoghlaim aosach.

[14] COM/2021/206 final.
[15] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).
[16] COM/2020/66 final.



PUBLIC

13. Le raon Moltaí ón gComhairle, leagadh béim ar a thábhachtaí atá gach leibhéal agus gach cineál oideachais agus oiliúna don téarnamh agus don aistriú cóir chuig geilleagar digiteach agus geilleagar glas. Dá bhrí sin, sa Mholadh ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint le haghaidh iomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus athléimneacht[17], moltar fís bheartais nuachóirithe ón Aontas don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint, lena n-áirítear digiteáil agus úsáid na foghlama cumaisc, agus sa Mholadh ón gComhairle maidir le naisc a chothú le haghaidh comhar éifeachtach san ardoideachas Eorpach[18], aithnítear gur ionstraim thábhachtach iad institiúidí ardoideachais láidre idirnasctha chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.

14. Ina theannta sin, leis an Moladh ón gComhairle maidir le Conairí Uas-scilithe: Deiseanna Nua do Dhaoine Fásta[19], féachtar le deiseanna solúbtha a chur ar fáil do dhaoine fásta nach bhfuil mórán cáilíochtaí acu chun feabhas a chur ar a gcuid scileanna bunúsacha agus scileanna breise, lena n-áirítear inniúlachtaí digiteacha atá ábhartha do mhargadh an tsaothair agus do rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí. Tá sé sin á chur i ngníomh trí oideachas agus oiliúint a sholáthar i suíomhanna foghlama iomchuí ina gcuireann múinteoirí agus oiliúnóirí cáilithe modhanna teagaisc a bhaineann go sonrach le daoine fásta i bhfeidhm agus ina mbaineann siad leas as acmhainneacht na foghlama digití.

[17] Moladh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht (IO C 417, 2.12.2020, lch. 1).

[18] Moladh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le naisc a chothú le haghaidh comhar éifeachtach Eorpach san ardoideachas, (IO C 160, 13.4.2022, lch. 1).

[19] Moladh ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 maidir le Conairí Uas-scilithe: Deiseanna Nua do Dhaoine Fásta (IO C 484, 24.12.2016, lch. 1).



PUBLIC

15. Is gníomhaithe thar a bheith ábhartha sa phróiseas iad múinteoirí agus oiliúnóirí agus ba cheart caitheamh leo mar phríomh-chomhpháirtithe iontaofa sa chlaochlú digiteach rathúil toisc gurb iad siúd atá ag tiomáint an oideachais agus na hoiliúna[20]. Ós amhlaidh atá, ní mór dlúthbhaint a bheith acu le glacadh teicneolaíochtaí digiteacha, dul i gcomhairle leo ina thaobh sin, agus ní mór na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a bheith acu chun iad a úsáid go héifeachtach. Teastaíonn an tacaíocht uathu ó chur chuige cuimsitheach maidir le hoideachas tosaigh, ionduchtú agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Moltar freisin cuir chuige foghlama cumaisc a leabú, lena n-áirítear conas oibriú go sábháilte agus go heiticiúil i dtimpeallachtaí digiteacha[21]. Ina theannta sin, tá inniúlacht dhigiteach agus bonneagar digiteach, uirlisí agus acmhainní digiteacha na n-oideoirí ríthábhachtach chun an teagasc agus an fhoghlaim ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht a neartú[22].

16. Mar fhreagairt ar an ngá atá le hoideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach inrochtana ar ardchaighdeán cuimsitheach, ba cheart aghaidh a thabhairt sa Mholadh seo ar na príomhthosca cumasúcháin seo a leanas: (i) cur chuige straitéiseach maidir le hoideachas digiteach agus scileanna digiteacha; (ii) comhordú uile-rialtais agus rannpháirtíocht ón iliomad páirtithe leasmhara; (iii) fothú acmhainneachta d'institiúidí oideachais agus oiliúna, do cheannairí, baill foirne teagaisc agus tacaíochta; agus (iv) infheistíocht atá dírithe ar thorthaí.

17. Urramaítear go hiomlán leis an Moladh seo prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Cinnfidh na Ballstáit, de réir imthosca náisiúnta, conas an Moladh a chur chun feidhme,

---

[20] Conclúidí ón gComhairle maidir le múinteoirí agus oiliúnóirí Eorpacha don todhchaí IO C 193, 9.6.2020, lch. 11).

[21] Moladh ón gComhairle an 29 Samhain 2021 maidir le cuir chuige foghlama cumaisc le haghaidh bunoideachas agus meánoideachas cuimsitheach agus ardcháilíochta (IO C 504, 14.12.2021, lch. 21).

[22] Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe (IO C 243, 27.6.2022, lch. 1).



PUBLIC

MOLTAR DO NA BALLSTÁIT:

1. Teacht ar chomhaontú, trí chur chuige uile-rialtais de rogha agus na príomhpháirtithe leasmhara rannpháirteach ann, faoi straitéisí náisiúnta comhleanúnacha comhsheasmhacha agus, i gcás inarb iomchuí, straitéisí réigiúnacha nó cuir chuige straitéiseacha le haghaidh an oideachais dhigitigh agus scileanna agus inniúlachtaí digiteacha a d'fhorbrófaí, a threiseofaí nó a thabharfaí cothrom le dáta faoi threoir phrionsabail an Mholta seo, agus faireachán a dhéanamh ar a n-éifeachtacht agus ar a dtionchar. Agus a straitéisí nó a gcur chuige straitéiseach á saothrú acu, moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

   a) cuspóirí náisiúnta a shocrú nó a athbhreithniú, ar bhealach comhtháite, le haghaidh na bpríomhthosca cumasúcháin chun rannchuidiú le claochlú digiteach na gcóras oideachais agus oiliúna agus le forbairt scileanna agus inniúlachtaí digiteacha, agus a áirithiú go ndéanfar iad a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta;

   b) i gcás inarb ábhartha, tosaíochtaí straitéiseacha Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin don Oideachas Digiteach 2021-2027 a chur san áireamh faoi réim na gcuspóirí náisiúnta; i gcás inar féidir, cur leis an bpróiseas sin chun bonn eolais a chur faoi na treochláir náisiúnta atá le cur isteach ag na Ballstáit faoi Chlár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach;

   c) meastóireachtaí rialta a dhéanamh ar thionchar na mbeartas agus na gcleachtas um oideachas digiteach, lena n-áirítear ar rannpháirtíocht scoileanna, torthaí foghlama, inrochtaineacht agus cuimsiú, comhionannas agus dea-bhail, le cur chuige foghlama ar feadh an tsaoil, taighde ar na hábhair sin a fhorbairt ach ualaigh bhreise riaracháin a sheachaint.

2. Éifeachtúlacht, éifeachtacht agus athléimneacht an bheartais um oideachas digiteach agus um oiliúint dhigiteach a mhéadú trí shineirgí agus comhordú ag gach leibhéal den riarachán poiblí a chur chun cinn agus cur chuige uile-rialtais leis an iliomad páirtithe leasmhara mar aidhm leis. Go háirithe, moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) idirphlé tráthrialta a eagrú idir na codanna éagsúla den rialtas a bhfuil baint acu le hoideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach a chur chun cinn ar na leibhéil iomchuí i gcomhréir le struchtúr na gcóras náisiúnta oideachais agus oiliúna;

b) tacú le rannpháirtíocht struchtúrach na bpáirtithe leasmhara agus na gcomhpháirtithe sóisialta i ndearadh beartais oideachais agus oiliúna digití, le réitigh éifeachtacha ar an oideachas digiteach agus ar chaighdeáin dhigiteacha a chur ar fáil, agus i bpróisis forbartha, cur chun feidhme agus meastóireachta. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar rannpháirtíocht ghníomhach iad siúd nach bhfuil comhlachtaí ionadaíocha foirmiúla acu – tuismitheoirí, cuir i gcás, agus foghlaimeoirí – agus comhthéacsanna socheacnamaíocha, aoise, earnála agus críochacha éagsúla a chur san áireamh;

c) comhar agus malartú inbhuanaithe a bhunú leis an earnáil phríobháideach agus le soláthraithe teicneolaíochta, lena n-áirítear soláthraithe teicneolaíochta oideachais, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta chun réitigh a fhorbairt a thagann le luachanna agus le prionsabail an Aontais, lena n-áirítear ceannasacht dhigiteach, coimíneacht dhigiteach, idir-inoibritheacht, caighdeánú, slándáil, príobháideachas sonraí, trédhearcacht agus cearta maoine intleachtúla, chomh maith le húsáid inbhuanaithe acmhainní ganna agus fuinnimh chun críoch digiteach, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

i) tacú le forbairt agus tástáil uirlisí agus teicneolaíochtaí digiteacha oideachais, agus le taighde ar cháilíocht, cuimsitheacht, inrochtaineacht agus tionchar na réiteach oideachais dhigitigh, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear an intleacht shaorga, teicneolaíochtaí tumthacha ar nós réaltacht fhíorúil, réaltacht bhreisithe, réaltacht leathnaithe, róbataic, an mheiteachruinne agus roghanna eile foinse oscailte le haghaidh uirlisí digiteacha oideachais;

PUBLIC

ii) comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun cinn chun réitigh oideachais dhigitigh a fhorbairt agus a úsáid, i gcás inarb iomchuí.

d) tabhairt faoi piarfhoghlaim, faoi chleachtais a mhalartú agus faoi chomhordú, lena n-áirítear ar fud earnálacha beartais éagsúla, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, maidir leis na deiseanna agus na rioscaí a bhaineann le húsáid gléasanna digiteacha san oideachas, chun teacht ar réitigh chomhchoiteanna ar dhúshláin thrasnáisiúnta[23].

3. Oiliúint dhigiteach a spreagadh do cheannairí agus do mhúinteoirí agus d'fhoireann tacaíochta na n-institiúidí oideachais agus oiliúna, agus a bhfothú acmhainneachta a chur chun cinn. Go háirithe, moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) bearta leordhóthanacha a dhéanamh chun tacú le gach múinteoir agus gach ball foirne teagaisc teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú ina n-oideolaíocht, is é sin teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú, nuair a d'fhéadfadh breisluach a bheith ag baint leis sin, ar bhealach atá oiriúnach don aois. D'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh sa tacaíocht sin, mar shampla:

i) múinteoirí a chumhachtú trí pháirt a thabhairt dóibh sa phróiseas cinnteoireachta maidir le trealamh digiteach a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim agus maidir le hábhar an oideachais dhigitigh a roghnú, a fhorbairt agus a mheasúnú;

ii) tabhairt isteach oideolaíochta digití a spreagadh i ngach clár oideachais tosaigh múinteora do mhúinteoirí réamhsheirbhíse, tacú le soláthraithe na gclár sin leis na hacmhainní agus na saoráidí a bhfuil gá leo chun na críche sin, agus comhoibriú ar leibhéal an Aontais trí dhea-chleachtais a mhalartú maidir le forbairt curaclaim, seachadadh agus measúnú oideolaíochta digití do mhúinteoirí;

23 Conclúidí ón gComhairle maidir le tacú leis an dea-bhail san oideachas digiteach (IO C 469, 9.12.2022, lch. 19).



PUBLIC

iii) múinteoirí atá i mbun seirbhíse agus baill foirne teagaisc a spreagadh go gníomhach chun a gcuid scileanna agus inniúlachtaí digiteacha a fhorbairt agus a uasghrádú i bhforbairt ghairmiúil leanúnach;

iv) formáidí solúbtha, inrochtana agus nuálacha maidir le huas-sciliú digiteach a sholáthar agus a aithint, lena n-áirítear oiliúint ar líne, gearrchúrsaí as a bhféadfaí micridhintiúir, malartuithe foirne náisiúnta agus idirnáisiúnta a fháil, agus piarfhoghlaim, agus tionscadail taighde chomhoibríocha, líonraí, agus pobail chleachtais agus taighde a chur chun cinn;

v) dea-chleachtais agus taithí san oideolaíocht dhigiteach a chomhroinnt trí chláir agus tionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, mar shampla Acadaimh Múinteoirí Erasmus+;

vi) a léiriú gur gá dea-bhail dhigiteach a bheith ann sa phróiseas teagaisc agus foghlama agus i ndearadh cineálacha cur chuige agus timpeallachtaí digiteacha tacúla maidir leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim ar gach leibhéal agus ar gach cineál oideachais agus oiliúna, agus an riosca a bhaineann le ró-úsáid agus mí-úsáid teicneolaíochtaí digiteacha á gcur san áireamh.

b) institiúidí oideachais agus oiliúna a spreagadh chun claochlú digiteach an oideachais agus na hoiliúna a chothú, mar shampla trí na nithe seo a leanas:

i) fothú acmhainneachta agus úsáid creataí agus uirlisí féinmheasúnaithe náisiúnta agus Eorpacha a chur chun cinn, ina measc SELFIE (uirlis féinmhachnaimh arna ceapadh chun cuidiú le scoileanna teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú, bunaithe ar chreat DigCompOrg do cheannairí scoile), SELFIEforTEACHERS (bunaithe ar chreat DigCompEdu), SELFIE le haghaidh foghlaim obairbhunaithe, agus HEInnovate (uirlis féinmheasúnaithe d'institiúidí ardoideachais), chun riachtanais agus cuspóirí institiúideacha maidir leis an gclaochlú digiteach agus uas-sciliú a shainaithint;



PUBLIC

ii) critéir a chur san áireamh a bhaineann leis na tosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach i bpróisis dearbhaithe cáilíochta inmheánacha agus sheachtracha d'institiúidí oideachais agus oiliúna;

iii) cuidiú le ceannairí institiúidí oideachais agus oiliúna an claochlú digiteach a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí threoir, tacaíocht agus forbairt ghairmiúil leanúnach a thairiscint;

iv) uas-scálú fianaisebhunaithe ar dhea-chleachtas a chur chun cinn trí aitheantas a thabhairt d'institiúidí is luathghlacadóirí a chuir feabhas ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim trí nuálaíocht agus trí theicneolaíochtaí digiteacha, agus trí thacú le malartuithe idir piaraí;

v) idirphlé leanúnach a spreagadh idir institiúidí oideachais agus oiliúna agus an tionscal maidir le riachtanais agus deiseanna forbartha agus oiliúna, taithí a mhalartú agus aiseolas a thabhairt ar tháirgí agus ar theicneolaíochtaí a úsáidtear sa teagasc agus san fhoghlaim;

vi) a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach scoil ar sheirbhísí tacaíochta digití teicniúla agus oideolaíocha agus ar oiliúint chun cuidiú le múinteoirí agus le foghlaimeoirí gléasanna agus uirlisí digiteacha don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú a roghnú, a úsáid, a bhainistiú agus a chothabháil ar bhealach éifeachtach, le béim á leagan ar a n-úsáid oideolaíoch;

vii) bearta cuimsitheacha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an gcibearshlándáil i ngach institiúid oideachais agus oiliúna, gach ball foirne a spreagadh chun oiliúint ar chibearshlándáil a dhéanamh, feasacht ar an gcibearshlándáil a ardú i measc na mac léinn agus a muintire agus beartais slándála láidre agus rialú rochtana a chothabháil agus úsáid iomlán á baint as réitigh theicneolaíochta nua-aimseartha, lena n-áirítear an chripteagrafaíocht agus an fíordheimhniú.

PUBLIC

4. Infheistíocht chothrom atá dírithe ar thorthaí a chur chun cinn in oideachas digiteach agus in oiliúint dhigiteach a bheidh ar ardchaighdeán, athléimneach agus cuimsitheach. Go háirithe, moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) éifeachtúlacht agus tionchar an chaiteachais ar nascacht, trealamh, bonneagar, uirlisí digiteacha agus ábhar a mhéadú, mar shampla trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

i) próisis soláthair a chomhordú, i gcomhréir le himthosca náisiúnta, chun tairbhiú de bharainneacht scála nuair is féidir, agus solúbthacht maidir le riachtanais shonracha institiúidí oideachais agus oiliúna á cur san áireamh, agus an gá le hinbhuanaitheacht agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh freisin; comhoibriú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, ar bhonn deonach, maidir le caighdeáin agus sonraíochtaí is féidir a úsáid le haghaidh saincheisteanna mar shampla soláthar i réimse an oideachais dhigitigh;

ii) tacú le soláthar freagrach agus inbhuanaithe táirgí agus seirbhísí digiteacha, chomh maith lena gcothabháil, lena n-athnuachan agus lena dtabhairt cothrom le dáta, i gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH);

iii) cineálacha malartacha cur chuige i leith infheistíochta a bhreithniú, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, scéimeanna tabhartas, trealamh athláimhe a athchóiriú, agus na ceanglais maidir le comhoiriúnacht bogearraí agus crua-earraí á gcur san áireamh, chomh maith le hábhar oideachais dhigitigh ó Bhallstáit eile a aistriú agus a athúsáid, i gcás inarb ábhartha;

iv) tacaíocht, saineolas agus fios gnó saincheaptha a éascú, mar shampla i bhfoirm comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, comhlachtaí comhairleacha nó tithe stiúrtha/imréitigh, chun go mbeidh institiúidí oideachais agus oiliúna ábalta réitigh oideachais dhigitigh iomchuí a roghnú a bheidh saincheaptha dá riachtanais teagaisc agus foghlama agus chun aghaidh a thabhairt ar shlándáil dhigiteach, inrochtaineacht, príobháideachas sonraí agus dea-bhail dhigiteach ar bhealach straitéiseach;

PUBLIC

v) a áirithiú go ngabhfaidh oiliúint chomhfhreagrach le hinfheistíochtaí i dtrealamh digiteach nua, i mbonneagar nua, in uirlisí nua agus in ábhar nua;

vi) úsáid réitigh foinse oscailte, ábhair oscailte nó sonraí oscailte agus coimíneacht dhigiteach i gcoitinne a chur chun cinn agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú lena bhforbairt sa chleachtas digiteach agus luachanna poiblí, ceannasacht agus inbhuanaitheacht na n-acmhainní digiteacha san oideachas a chosaint ar bhealach níos fearr.

PUBLIC

b) rochtain chomhionann a sholáthar do gach foghlaimeoir, trí infheistíocht leordhóthanach a áirithiú iontu seo a leanas:

i) nascacht idirlín ardluais chun nascacht idirlín gigighiotáin 100 % nó níos airde a bhaint amach i ngach institiúid oideachais agus oiliúna agus bearnaí críochacha agus socheacnamaíocha a dhúnadh trí úsáid a bhaint as réimse teicneolaíochtaí agus roghanna éagsúla**,** lena n-áirítear leathanbhanda, snáithín, 5G nó satailít, i gcomhréir leis na spriocanna ar leibhéal an Aontais do Chlár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach;

ii) trealamh digiteach sa seomra ranga a uasghrádú chun go mbeidh rochtain ag gach múinteoir agus ag gach ball foirne teagaisc ar ghléas pearsantaithe (deasc, ríomhaire glúine nó táibléad) chun a gcleachtas oideolaíoch a shaibhriú, agus go ndéanfaí gach gléas a sheirbhísiú agus a chothabháil go rialta, i gcomhréir le cosaint sonraí;

iii) timpeallachtaí foghlama eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta, ealaíon agus matamaitice (STEAM) a thógáil lenar féidir oideolaíocht dhigiteach a chothú trí chur chuige idirdhisciplíneach;

iv) a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach foghlaimeoir bunscoile agus meánscoile, go háirithe na foghlaimeoirí is leochailí agus is mó atá faoi mhíbhuntáiste[24], ar ghléas pearsantaithe a chomhlíonann a riachtanais shonracha, aon uair is iomchuí dá n-aois, agus go ndéanfaí gach gléas a sheirbhísiú agus a chothabháil go rialta, i gcomhréir le cosaint sonraí;

---

**24** Mar shampla, na foghlaimeoirí siúd a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe agus iargúlta nó sna réigiúin is forimeallaí, iad siúd ó ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch nó imeallaithe, agus daoine atá faoi mhíchumas.

v) ábhar oideachais dhigitigh atá inrochtana, inscálaithe, inoiriúnaithe agus ar ardchaighdeán a fhorbairt, ar ábhar é atá i gcomhréir leis na curaclaim agus leis na dea-chleachtais oideolaíocha agus lena ndéantar ábhair teagaisc agus foghlama a dhigitiú, i gcás ina mbeadh breisluach ag baint leis;

vi) seirbhísí láraithe ábhartha a chur chun feidhme agus a chomhtháthú, lena n-áirítear trí réitigh néalríomhaireachta, ina measc córais fhíorúla bainistithe foghlama agus riaracháin (lena n-áirítear uirlisí slána cumarsáide agus comhair, stórtha ábhar oideachais, bainistíocht seomra ranga agus measúnuithe digiteacha) i ngach institiúid oideachais agus oiliúna, agus a gcaighdeánú agus a n-idir-inoibritheacht, a bpríobháideachas agus a slándáil sonraí á n-áirithiú;

vii) oideachas cuimsitheach a chur chun cinn trí inrochtaineacht ábhair agus teicneolaíochtaí oideachais dhigitigh d'fhoghlaimeoirí agus do mhúinteoirí faoi mhíchumas a chosaint agus trí threalamh speisialaithe agus réitigh a sholáthar d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus reachtaíocht inrochtaineachta an Aontais atá ann cheana á cur san áireamh, go háirithe Treoracha (AE) 2016/2102[25] agus (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26].

PUBLIC

[25] Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí (IO L 327, 2.12.2016, lch. 1).

[26] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí, IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

5. A chur de chúram ar an nGrúpa Ardleibhéil um Oideachas agus Oiliúint stiúradh a chur ar fáil maidir leis na príomhábhair straitéiseacha a dtugtar aghaidh orthu sa Mholadh seo. Déanfar é sin go príomha trí phlé, trí mhalartú rialta faisnéise agus trí threoir a chur ar fáil maidir le saincheisteanna straitéiseacha[27] a bhaineann leis na príomhthosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach rathúil. Ba cheart don Ghrúpa Ardleibhéil tacaíocht a fháil agus leas a bhaint as saineolas de réir mar a bhíonn gá leis sin, lena n-áirítear ón Meitheal um Oideachas Digiteach: Foghlaim, Teagasc agus Measúnú (DELTA) agus grúpaí saineolaithe eile in earnálacha eile, mar shampla an Bord um an Deacáid Dhigiteach, chun tógáil ar chur chuige cothrománach tras-rannach. D'fhéadfaí na hábhair a chlúdófar a fhógairt sna cláir oibre beartais 18 mí i ndiaidh a chéile.

PUBLIC

IS DÍOL SÁSAIMH DI RÚN AN CHOIMISIÚIN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

1. Malartú dea-chleachtais, piarfhoghlaim agus comhar le páirtithe leasmhara a mhéid a bhaineann le hoideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach a chur chun cinn. Tá an méid seo a leanas, go háirithe, beartaithe ag an gCoimisiún:

   a) malartú dea-chleachtais, líonraí agus piarfhoghlaim a éascú idir na Ballstáit, lucht déanta beartas, cleachtóirí agus páirtithe leasmhara ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil phoiblí trí uirlisí, ardáin agus pobail atá ann cheana (an Mheitheal um Oideachas Digiteach: Foghlaim, Teagasc agus Measúnú (DELTA), Lárionad Acmhainní Digiteacha SALTO na hEorpa, an tArdán Eorpach um Oideachas Scoile, lena n-áirítear r-Nascadh, Ríomh-Ardán don Fhoghlaim Aosach san Eoraip (EPALE), ardán um Idirlíon Níos Fearr do Leanaí, tionscadail um Ionstraim Tacaíochta Teicniúla), lena n-áirítear tríd an Mol maidir leis an Oideachas Digiteach a chur chun cinn mar phríomhphointe iontrála d'oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach san Aontas;

[27] D'fhéadfaí a áireamh ar na saincheisteanna sin, i measc nithe eile, measúnú agus deimhniú scileanna agus inniúlachtaí digiteacha, ceanglais cháilíochta le haghaidh uirlisí agus ábhar oideachais dhigitigh nó an intleacht shaorga a chomhtháthú san oideachas agus san oiliúint, lena n-áirítear trí fhaisnéisíocht agus smaointeoireacht ríomhaireachtúil.

b) comhar a chur chun cinn le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear soláthraithe bogearraí agus crua-earraí, maidir le bonneagar digiteach agus uirlisí digiteacha agus a n-úsáid inbhuanaithe san oideachas agus san oiliúint, agus luachanna agus prionsabail an Aontais maidir le príobháideachas, cosaint sonraí, idir-inoibritheacht agus cearta maoine intleachtúla á gcur chun cinn, agus an gá atá le neamhspleáchas na n-institiúidí oideachais agus oiliúna a chosaint á chur san áireamh freisin;

c) an comhar idirnáisiúnta a neartú maidir leis na príomhthosca cumasúcháin don oideachas digiteach agus do scileanna agus inniúlachtaí digiteacha.

2. Tacú le hoiliúint dhigiteach na gceannairí, na múinteoirí, foirne teagaisc agus foirne tacaíochta in institiúidí oideachais agus oiliúna. Tá an méid seo a leanas, go háirithe, beartaithe ag an gCoimisiún:

a) tacú leis an tsoghluaisteacht, trí Erasmus+, d'fhonn ceannairí, múinteoirí, baill foirne teagaisc agus baill foirne tacaíochta institiúidí oideachais agus oiliúna a uas-sciliú maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid sa teagasc, san fhoghlaim agus sa riarachán, lena n-áirítear maidir le cumais na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, ar cumais iad atá ag athrú go tapa;

b) uirlisí mar shampla DigCompEdu agus SELFIEforTEACHERS a chur chun cinn, iad a thabhairt cothrom le dáta nuair is iomchuí, agus tacú le comhar maidir le forbairt agus soláthar cúrsaí ar oideolaíocht dhigiteach le haghaidh oiliúint tosaigh múinteoirí agus forbairt ghairmiúil leanúnach;

c) rolladh amach na dtreoirlínte eiticiúla a bhaineann le húsáid na hintleachta saorga agus sonraí maidir le teagasc agus foghlaim d'oideoirí a chur chun cinn chun cuidiú le múinteoirí bunscoile agus meánscoile intleacht shaorga agus sonraí a chomhtháthú go héifeachtach in oideachas scoile, agus tógáil ar na treoirlínte sin chun na himpleachtaí a bhaineann le mí-úsáid teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear intleacht shaorga ghiniúnach, a chur san áireamh agus chun dul i ngleic leis na rioscaí.

PUBLIC

3. Tacú le hinfheistíocht atá dírithe ar thorthaí i mbonneagar agus i seirbhísí an oideachais dhigitigh agus na hoiliúna digití trí mhaoiniú náisiúnta agus maoiniú ón Aontas agus an bonn fianaise maidir le héifeachtacht agus éifeachtúlacht beartas agus uirlisí oideachais dhigitigh a neartú. Tá an méid seo a leanas, go háirithe, beartaithe ag an gCoimisiún:

a) tacú le hinfheistíocht na mBallstát i mbonneagar fíor-riachtanach oideachais dhigitigh (nascacht, trealamh, uirlisí agus ábhar digiteach san áireamh) trí mhaoiniú ón Aontas agus na naisc a neartú idir beartais an Aontais atá ann cheana agus ionstraimí cistiúcháin agus cláir agus straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha agus cur chuige straitéiseach don oideachas digiteach agus digitiú scoileanna;

b) i bhfianaise forbairtí tapa teicneolaíocha, tacú le forbairt treoirlínte agus ceanglais cháilíochta, i gcomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, maidir le hábhar oideachais dhigitigh inrochtana, dea-dheartha agus ardcháilíochta agus maidir le timpeallachtaí foghlama fíorúla agus uirlisí fíorúla (mar shampla córais agus feidhmchláir bainistíochta foghlama neamhspleácha, lena n-áirítear réitigh foinse oscailte) chun cuidiú le córais oideachais agus oiliúna meastóireacht chórasach a dhéanamh ar a gcáilíocht, a sábháilteacht, a mbarántúlacht, a n-iontaofacht, a bhfóntas agus a gcuimsitheacht. Bhainfeadh na Ballstáit úsáid as treoirlínte agus ceanglais cháilíochta den sórt sin ar bhonn deonach;

c) rannpháirtíocht na mBallstát a spreagadh i gcruthú coimíneachta digití san oideachas agus san oiliúint trí thacú le comhar gníomhach idir na Ballstáit agus an comhar sin a éascú chun réitigh foinse oscailte, ábhair oscailte nó sonraí oscailte a chur chun cinn le rialachas comhroinnte agus il-pháirtithe leasmhara;

d) tacú leis na Ballstáit agus le soláthraithe teicneolaíochta aghaidh a thabhairt ar dhúshláin maidir le caighdeánú agus idir-inoibritheacht a bhaineann le hardáin agus seirbhísí oideachais dhigitigh i leibhéil agus cineálacha éagsúla oideachais agus oiliúna;

PUBLIC

e) comhordú taighde a mhéadú, uas-scálú fianaisebhunaithe ar dhea-chleachtais agus tacaíocht a chur chun cinn, trí chlár Fís Eorpach, tríd an gclár don Eoraip Dhigiteach agus trí chlár Erasmus+, trí thaighde, forbairt agus úsáid na réiteach digiteach le haghaidh teagaisc, foghlama agus measúnaithe, agus a dtionchar ar fheabhas a chur ar thorthaí foghlama agus ar chothromas a thástáil;

f) tacú leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí chun úsáid éifeachtach, shábháilte agus chuimsitheach a bhaint as an intleacht shaorga agus as IS giniúnach san oideachas agus san oiliúint, lena n-áirítear trí chomhar Eorpach treisithe a chothú agus trí threoirlínte ábhartha a sholáthar, mar shampla maidir le litearthacht IS agus úsáid chriticiúil mhuiníneach IS;

g) tacú leis na Ballstáit beartais éifeachtacha agus éifeachtúla um oideachas digiteach a fhorbairt tríd an mbonn fianaise, meastóireacht agus anailís ar na beartais sin a fheabhsú, mar shampla tríd an tSaotharlann Foghlama um Infheistiú in Oideachas agus Oiliúint Ardcháilíochta, chomh maith le treoraíocht spriocdhírithe agus tacaíocht theicniúil a sholáthar tríd an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla;

h) malartuithe maidir le cuir chuige náisiúnta agus maidir leis an dea-chleachtas maidir le soláthar éifeachtach trealaimh agus bonneagair dhigitigh d’institiúidí oideachais agus oiliúna a éascú tríd an Líonra Seirbhísí Comhairleacha Náisiúnta don oideachas digiteach agus bealaí ábhartha eile;

i) tacú le claochlú digiteach dhintiúir oideachais agus oiliúna na mBallstát, go háirithe trí bhonneagar na nDintiúr Digiteach Eorpach le haghaidh Foghlama a rolladh amach a thuilleadh.

PUBLIC

4. Trédhearcacht a fheabhsú agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le hoideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach a chur chun feidhme. Tá an méid seo a leanas, go háirithe, beartaithe ag an gCoimisiún:

a) rannchuidiú le sonraí comparáideacha a fhorbairt maidir leis na príomhthosca cumasúcháin le haghaidh an oideachais dhigitigh agus na hoiliúna digití ar fud an Aontais trí shuirbhé ar 'Oideachas Digiteach san Eoraip' a dhéanamh sna Ballstáit gach 3 bliana, ag cur leis an 'Suirbhé Eorpach ar Scoileanna: TFC san Oideachas', d'fhonn an chéad tacar cuimsitheach sonraí a bhailiú faoi 2025;

b) faireachán a dhéanamh, de rogha trí úsáid a bhaint as uirlisí faireacháin atá ann cheana, agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir leis na príomhthosca cumasúcháin don oideachas digiteach agus don oiliúint dhigiteach, agus straitéisí agus cuir chuige straitéiseacha na mBallstát á gcur san áireamh, faoi chuimsiú an chreata straitéisigh le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint, mar shampla an Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus ar Oiliúint, agus ualaí breise riaracháin á seachaint;

c) tacú le rannpháirtíocht na mBallstát i suirbhéanna idirnáisiúnta ina soláthraítear sonraí comparáideacha ar staid na himeartha maidir le hullmhacht múinteoirí don oideachas digiteach, go háirithe Suirbhé Idirnáisiúnta na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le Teagasc agus Foghlaim;

d) athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn arna dhéanamh maidir leis an Moladh seo a chur chun feidhme agus tuairisciú don Chomhairle tráth nach déanaí ná 5 bliana i ndiaidh a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC